



Imlitir 0004/2014

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) uile.

Maolú teoranta ar an lánchosc ar phoist fhreagrachta a líonadh ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta ar feadh tréimhse Chomhaontú Bhóthar Haddington

1. Aidhm na hImlitreach

Deir Comhaontú Bhóthar Haddington *“I gcomhthéacs an lánchoisc leanúnaigh ar phoist fhreagrachta i scoileanna a líonadh, oibreofar na socruithe maolaithe a bhí i bhfeidhm roimhe ar bhonn bliantúil ar feadh tréimhse an Chomhaontaithe seo.*

Is éard is aidhm leis an Imlitir seo ná na socruithe maolaithe sin a leagan amach.

2. Pointí ginearálta le nótáil:

Ba chóir an Imlitir seo a léamh i gcomhar le hImlitir 0022/2009 na Roinne maidir le feidhmiú an lánchoisc ar phoist fhreagrachta a líonadh. Tá an lánchosc seo ar bun ó 27 Márta 2009 agus leanann sé de bheith i bhfeidhm.

Leagtar amach na socruithe maolaithe san Aguisín leis an Imlitir seo. Tá an maolú dírithe ar scoileanna atá thíos leis go mór ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta mar thoradh ar an lánchosc. Tá na bearta maolaithe teoranta agus fágtar fós faoi na húdaráis scoile na dualgais chuí a atheagrú agus a chur in ord tosaíochta do shealbhóirí na bpost freagrachta i gcomhthéacs fheidhmiú an lánchoisc.

Tá cead ag scoileanna agus BBOanna anois na socrúithe maolaithe seo a oibriú le feidhm láithreach agus ar bhonn bliantúil ar feadh tréimhse Chomhaontú Bhóthar Haddington. Déanfar íocaíocht le feidhm ón dáta ceapacháin chuig folúntas an phoist fhreagrachta ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta faoi na socrúithe maolaithe seo.

Tabhair faoi deara, led' thoil, go leanfaidh an lánchosc i bhfeidhm mar atá déanta aige ó 27 Márta, 2009 ar líonadh na bpost freagrachta folamha ag leibhéal an ndualgas speisialta a tharlaíonn mar thoradh ar aon ardú céime chuig leibhéal an Phríomhoide Cúnta faoi na socrúithe maolaithe seo.

3. Fiosruithe:

Ba chóir fiosruithe maidir leis na socrúithe maolaithe seo a chur chuig na seolta r-phoist seo a leanas:

Bunscoileanna - r-phost chuig: PrimaryAllocations@education.gov.ie

Iar-bhunscoileanna - r-phost chuig: Allocations@education.gov.ie

Hubert Loftus
Príomhoifigeach
Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí

Eanáir, 2014

Aguisín

Seo a leanas na socrúithe maolaithe:

1. Leibhéal Bunscoile

Tá an socrúithe maolaithe ag leibhéal bunscoile dírithe ar scoileanna le 400 dalta ar a laghad ar an rolla agus ina bhfuil laghdú de 3 phost freagrachta ar a laghad ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta. Oibreoidh na socrúithe maolaithe mar seo a leanas:

Líon na bhfolúntas Príomhoide Cúnta	Líon na bhfolúntas Príomhoide Cúnta is féidir a líonadh faoi na socrúithe maolaithe
1	0
2	0
3	1
4	2
5	3
6	4

[Clliceáil anseo do líon na bpost freagrachta Príomhoide Cúnta de réir mhéid na scoile](#) (a bhí i bhfeidhm sular tugadh isteach an lánchosc agus ar féidir a úsáid chun líon na bhfolúntas Príomhoide Cúnta a chinneadh).

2. Leibhéal Iar-bhunscoile

Oibreoidh na socrúithe maolaithe ag leibhéal iar-bhunscoile mar seo a leanas:

(i) Poist fhreagrachta Phríomhoide Cúnta

Is féidir le scoileanna a thiteann faoi bhun na dtairseach Príomhoide Cúnta mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas folúntais Phríomhoide Cúnta a líonadh de réir mar a éiríonn siad chuig leibhéal na dtairseach atá leagtha amach sa tábla.

Tá an sceideal sa tábla thíos bunaithe ar rollú daltaí aitheanta ar chúrsaí ceadaithe. Is iad na rolluithe daltaí ná na daltaí sin atá ar an rolla i scoileanna ar an 30 Meán Fómhair sa scoilbhliain roimhe (i.e., rollú 30 Meán Fómhair 2012 don scoilbhliain 2013/14 srl.).

Rollú Daltaí	Tairseach na bpost Príomhoide Cúnta in iarbhunskoileanna aonair a ligeann do scoileanna poist fholamha PC a líonadh
< 100	0
100-199	1
200-299	2
300-399	3
400-499	4
500-699	5
700-899	6
900-1099	7
> 1100	8

Ní mór poist fhreagrachta a shealbhaítear ar bhonn pearsanta a áireamh nuair atá tairseach na bpost Príomhoide Cúnta á ríomh.

(ii) Poist Comhordaitheora Cláir ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta

Áiríonn na socruithe maolaithe soláthar chun post Comhordaitheora Cláir a líonadh ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta áit a bhfuil 100 dalta nó níos mó ag scoil ar chláir dá leithéid agus a bhfuil líon iomlán an phoist Príomhoide Cúnta na scoile ag na tairsigh nó faoi na tairsigh atá leagtha amach sa tábla thuas.

Is féidir le scoileanna a shásaíonn an dá riachtanas seo a bhfolúntas do Chomhordaitheoir Cláir ag leibhéal an Phríomhoide Cúnta a líonadh nuair a tharlaíonn sé.

(iii) Stiúrthóir Aosoideachais an leibhéal an Phríomhoide Tánaistigh:

Is féidir le scoileanna a shásaíonn na riachtanais do phost Stiúrthóra Aosoideachais (ag leibhéal an Phríomhoide Tánaistigh) a bhfolúntas a líonadh nuair a tharlaíonn sé.